**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia*

**2022/2104(DEC)**

13.2.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir leis an Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don bhliain airgeadais 2021
(2022/2104(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Pascal Canfin

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di rannchuidiú an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('EFSA') chuig sábháilteacht shlabhra bia agus beatha an Aontais, agus a iarrachtaí suntasacha i dtaobh comhairle chuimsitheach, neamhspleách agus cothrom le dáta maidir le ceisteanna atá nasctha leis an slabhra bia a sholáthar do bhainisteoirí riosca, faisnéis a chur in iúl go soiléir don phobal maidir lena aschuir agus leis an eolas ar a bhfuil siad bunaithe, agus i dtaobh comhoibriú le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe institiúideacha chun comhleanúnachas agus iontaoibh sa chóras sábháilteachta bia a chur chun cinn;

2. ag tabhairt dá haire gurbh é buiséad críochnaitheach EFSA do 2021 EUR 129.1 milliún, a léiríonn méadú 20% i gcomparáid le 2020; á thabhairt dá haire gurb é a bhí mar thoradh ar iarrachtaí maidir le faireachán a dhéanamh ar bhuiséad i rith 2021 ná ráta cur chun feidhme de 100 % do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 89 % do leithreasuithe íocaíochta;

3. ag tabhairt dá haire gur tugadh plean oibre EFSA do 2021 i gcrích faoi Straitéis 2020, ar chinn an Bord Bainistíochta bliain bhreise a chur leis mar gheall ar phaindéim SARS-CoV-2;

4. á mheabhrú gur tháinig an Rialachán Trédhearcachta i bhfeidhm an 27 Márta 2021, inar ghá infheistíocht shuntasach a dhéanamh chun próisis nua a fhorbairt, chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh eagraíochta EFSA, agus chun a chumais teicneolaíochta agus bainistithe faisnéise a ghiaráil; ag tarraingt aird, sa chomhthéacs sin, ar a thábhachtaí atá an trédhearcacht is mó is féidir maidir leis an muinín as institiúidí AE a neartú; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, gur tháinig méadú ar inbhuanaitheacht ghníomhaíochtaí EFSA trí acmhainní a fháil ar bhonn níos leithne ó na Ballstáit agus trí chumarsáid níos comhordaithe;

5. ag tabhairt dá haire gur tugadh 33 phost foirne nua do EFSA ar mhaithe le cur chun feidhme an Rialacháin nua Trédhearcachta, rud a fhágann gur ann d'acmhainneacht iomlán arb ionann í agus 526 phost d'fhoireann reachtúil; ag tabhairt dá haire go raibh 516 cheann as na 542 phost a bhí ar fáil (lena n-áirítear oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí ar conradh agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht) líonta an 31 Nollaig 2021;

6. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról tábhachtach ag údarú tapa breiseán beatha inbhuanaithe agus roghanna malartacha inbhuanaithe ar lotnaidicídí maidir le huaillmhianta na straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' a bhaint amach; á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach ó thaobh foirne agus a gcuid saineolais faoi seach bunriachtanach chun moilleanna ar nósanna imeachta iarratais agus ar nósanna imeachta measúnaithe a chosc chun breiseáin bheatha inbhuanaithe agus roghanna malartacha inbhuanaithe ar lotnaidicídí a fhormheas;

7. á thabhairt dá haire go mbaineann teorainneacha áirithe le chur chun feidhme na

rialacha a mhol an Coimisiún Eorpach le déanaí maidir le teilea-obair, agus a chuireann EFSA i bhfeidhm de réir analaí, go háirithe maidir le teilea-obair ar bhonn páirteach lasmuigh de thír na fostaíochta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh tionchar a bheith ag na rialacha teoranta reatha maidir leis an teilea-obair thar lear ar tharraingteacht EFSA agus iarrthóirí á n-earcú ó na Ballstáit éagsúla ar mian leo teacht isteach in EFSA;  á iarraidh go mbeadh níos mó solúbthachta ann maidir le cur chun feidhme na rialacha sin, rud a chuideodh le tarraingteacht EFSA a mhéadú agus rud a d'fhágfadh go mbeadh cothromaíocht náisiúntachta níos fearr aige.

8. á thabhairt chun suntais gur chuir an tÚdarás 704 cheist i gcrích in 2020 trí thuairimí eolaíocha, trí thuarascálacha teicniúla agus trí fhoilseacháin tacaíochta, is é sin 81 níos lú ná an 785 cheist a bhí beartaithe;

9. á thabhairt dá haire gur tugadh chun críche na gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh de réir bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó 2020; á mheabhrú nach mór na gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh de réir bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó 2017 a thabhairt chun críche, go háirithe chun neamhspleáchas an oifigigh cuntasaíochta a neartú trína ndéanamh freagrach go díreach do Stiúrthóir EFSA;

10. á chur in iúl gur díol sásaimh di nach bhfuil barúil ag an gCúirt Iniúchóirí maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht idirbheart agus maidir le córais bainistíochta agus rialúcháin;

11. á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil sé ráite ag an gCúirt Iniúchóirí go bhfuil dearbhuithe réasúnta faighte aici go bhfuil cuntais bhliantúla an Údaráis do 2021 iontaofa agus go bhfuil na bun-idirbhearta dleathach agus rialta;

12. á mheabhrú gur ghlac an Pharlaimint sé agóid in 2021 maidir le hallmhairiú barr géinmhodhnaithe do bhia agus do bheatha; á thabhairt chun suntais go bhfuil bearnaí sa mheasúnú riosca a dhéanann Painéal an Údaráis maidir le hOrgánaigh Ghéinmhodhnaithe mar chúis amháin leis na hagóidí sin; ag tathant ar an Údarás aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin agus iad a dhúnadh mar ábhar práinne;

13. á iarraidh ar EFSA a áirithiú go ndearna gach comhalta bainistíochta agus comhairleach, a gcomhaltaí malartacha agus saineolaithe eile na dearbhuithe leasa bliantúla a thíolacadh go díograiseach; á iarraidh ar EFSA ardleibhéal comhlíonta a áirithiú le rialacha coinbhleachta leasa agus le rialacha trédhearcachta le linn a ghníomhaíochtaí uile;

14. á chur in iúl gur geal léi, in ainneoin phaindéim leanúnach COVID-19, a thug dianghlasáil léi mar aon leis an ngá oibriú go cianda in 2021, gur táirgeadh formhór mór na n-aschur eolaíoch atá beartaithe, i gcomhréir iomlán nó beagnach i gcomhréir iomlán leis an bplean eagrúcháin bunaidh;

15. ag tarraingt aird ar easnaimh leanúnacha i réimse leas na n-ainmhithe, go háirithe, ach gan a bheith teoranta d'iompar ainmhithe beo; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, gur cuireadh tús leis an obair ar shraith mhór sainorduithe maidir le leas ainmhithe a bhaineann, go háirithe, le hiompar ainmhithe, a bheidh mar bhunús leis an reachtaíocht nua atá á dréachtú sa réimse sin;

16. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh Straitéis nua EFSA 2027, lena gcuirtear leis an

dianasanailís chomhshaoil a rinneadh in 2019 agus in 2020 agus lena leagtar amach an fócas straitéiseach agus an uaillmhian do na blianta atá le teacht i gcomhthéacs shainordú EFSA agus tosaíochtaí AE atá ag teacht chun cinn, go háirithe an Comhaontú Glas don Eoraip agus an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc';

17. á mholadh, bunaithe ar na fíricí atá ar fáil, go dtabharfar urscaoileadh do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis do bhliain airgeadais 2021.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 9.2.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 67<br>–: 9<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mathilde Androuët, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Hildegard Bentele, Alexander Bernhuber, Michael Bloss, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Agnès Evren, Heléne Fritzon, Malte Gallée, Andreas Glück, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Petros Kokkalis, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Peter Liese, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Tilly Metz, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Ljudmila Novak, Jutta Paulus, Stanislav Polčák, Erik Poulsen, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Sándor Rónai, Christine Schneider, Ivan Vilibor Sinčić, Maria Spyraki, Véronique Trillet-Lenoir, Achille Variati, Petar Vitanov, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Eric Andrieu, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Billy Kelleher, Ska Keller, Sara Matthieu, Sirpa Pietikäinen, Manuela Ripa, Robert Roos, Massimiliano Salini, Christel Schaldemose, Sarah Wiener, Jadwiga Wiśniewska |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Karolin Braunsberger-Reinhold, Ilan De Basso, Jarosław Duda, Jens Geier, Helmut Geuking, Niclas Herbst, Beata Kempa, Karsten Lucke, Johan Nissinen, Alexandr Vondra, Jörgen Warborn |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 67 | + |
|---|---|
| ECR | Beata Kempa, Joanna Kopcińska, Alexandr Vondra, Jadwiga Wiśniewska, Anna Zalewska |
| EPP | Traian Băsescu, Hildegard Bentele, Alexander Bernhuber, Karolin Braunsberger-Reinhold, Nathalie Colin-Oesterlé, Jarosław Duda, Agnès Evren, Helmut Geuking, Niclas Herbst, Ewa Kopacz, Peter Liese, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Ljudmila Novak, Sirpa Pietikäinen, Stanislav Polčák, Massimiliano Salini, Christine Schneider, Maria Spyraki, Jörgen Warborn |
| Renew | Pascal Canfin, Andreas Glück, Martin Hojsík, Jan Huitema, Billy Kelleher, Erik Poulsen, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Véronique Trillet-Lenoir, Emma Wiesner, Michal Wiezik |
| S&D | João Albuquerque, Eric Andrieu, Delara Burkhardt, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Ilan De Basso, Cyrus Engerer, Heléne Fritzon, Jens Geier, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Karsten Lucke, César Luena, Sándor Rónai, Christel Schaldemose, Achille Variati, Petar Vitanov, Tiemo Wölken |
| The Left | Petros Kokkalis, Silvia Modig |
| Verts/ALE | Michael Bloss, Bas Eickhout, Malte Gallée, Pär Holmgren, Ska Keller, Sara Matthieu, Tilly Metz, Jutta Paulus, Manuela Ripa, Sarah Wiener |

| 9 | - |
|---|---|
| ECR | Johan Nissinen, Robert Roos |
| ID | Mathilde Androuët, Aurélia Beigneux, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen |
| NI | Ivan Vilibor Sinčić |
| EPP | Pernille Weiss |
| The Left | Anja Hazekamp |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh